

Ealaín ar son na healaíne

Ealaín agus Dearadh

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar Ealaín agus Dearadh?

Tugann staidéar ar ealaín agus dearadh deis scileanna nua a fhoghlaim. Chomh maith le heolas ar fhoirmeacha, meáin agus teicnící éagsúla ealaíne is féidir leat sainscileanna a fhoghlaim i réimsí ar nós grianghrafadóireacht agus teicneolaíochtaí digiteacha.

Cabhraítear leat trí staidéar a dhéanamh ar ealaín agus ar dhearadh go leor scileanna praiticiúla éagsúla a fhorbairt mar phéintéireacht, líníocht, tógáil 3D, ceardaíocht, agus bróidnéireacht. Tugann siad deis freisin scileanna boga luachmhara a fhoghlaim mar chruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil, aird ar mhionsonraí, cumarsáid agus cinnteoireacht. Thairis sin, cabhraíonn siad linn sinn féin a chur in iúl, ár bhféiniúlacht a fhorbairt agus freagairt don domhan thart orainn freisin.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Ealaín?

Comhiontráil agus Mínealaín ag NCAD, Coláiste Ealaíne Crawford MTU, Beochan ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ealaín agus Dearadh ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaig agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Criadóireacht agus Dearadh ag Coláiste Breisoideachais Dhún Droma agus Dearadh Cluichí ag Institiúid Teicniúil na Gaillimhe. Céim threasach i mBeochan, in Éifeachtaí Físiúla agus i nDearadh Gluaiseachta – ag tosú i gColáiste Chiarraí agus ag dul chun cinn go MTU ina dhiaidh sin.

Cá dtabharfaidh Ealaín mé?

Péintéir, Dealbhóir, Dearadh Grafach, Coimeádaí Dánlann Ealaíne, Múinteoir Ealaíne, Déantóir Scannán, Teicneolaíocht agus Tionscal, Faisean, Dearadh Intí, Dearadh Troscán, Margaíocht, Dearadh Cluichí, Maisiú, Dearadh Feistis, Dearadh Seodra, Dearadh Táirge, Dearadh Feistí Leighis, Gabha, Saor cloiche, Beochantóir, féinfhostaithe.



Tá tú mar thoradh ar 4 biliún bliain d'éabhlóid...

BITHEOLAÍOCHT

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an mBitheolaíocht?

Is réimse saibhir agus éagsúil staidéir í an bhitheolaíocht. Díreach cosúil leis na horgánaigh bheo ar a ndírítear, tá an Bhitheolaíocht ilúsáideach agus ag síorathrú, rud a fhágann gur ábhar í atá lán de spleodar, áilleacht agus ionadh. Oibríonn go leor bitheolaithe i ngairmeacha mar thalmhaíocht, próiseáil bia, déantúsaíocht chógaisíochta, cúram sláinte agus taighde agus forbairt. Mar sin féin, tugann an Bhitheolaíocht an rogha do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar ábhar idirghníomhach eolaíochta chun dul isteach sa choláiste. An raibh a fhios agat go mbíonn ábhar eolaíochta á lorg ag go leor coláistí le haghaidh iontrála? B'fhéidir gurb í an Bhitheolaíocht do sheans chun do shaol a fhiosrú agus tú ag obair i dtreo an choláiste agus ag oscailt bealaí spéise duit féin.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an mBitheolaíocht?

Géineolaíocht agus Bitheolaíocht na gCeall ag DCU, Micribhitheolaíocht ag TUS, Corpoideachas le Bitheolaíocht ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Cúram Ainmhithe ag Institiúid Mhuineacháin, Bitheolaíocht Fiadhúlra ag MTU, Eolaíochtaí Bitheacha agus Bithleighis ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, nó Printíseacht Saotharlainne a dhéanamh.

Cá dtabharfaidh an Bhitheolaíocht mé?

Obair Saotharlainne, Oideachas, Cógaisíocht, Cúram Sláinte, Teiripe Shaothair, Teiripe Urlabhra agus Theanga, Eolaíocht, Tionscal Caomhnaithe.



Bíonn pointe tosaigh ag an léarscáil i gcónaí...

TÍREOLAÍOCHT

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an Tíreolaíocht?



Tá níos mó i gceist le tíreolaíocht ná staidéar a dhéanamh ar dhaoine ina dtimpeallachtaí, is ábhar í a théann i ngleic le fadhbanna agus ceisteanna comhaimseartha ag baint úsáide as raon scileanna mar smaointeoireacht anailíseach, réiteach fadhbanna agus feachtas spásúlachta. Tríd na scileanna agus na peirspictíochtaí seo tagtar ar thuiscintí agus ar réitigh nua i sochaí atá ag síorathrú. Cruthaíonn staidéar na Tíreolaíochta deiseanna spreagúla gairme freisin mar go bhfuil meas ag fostóirí ar an dearcadh a thugann mic léinn ón réimse seo.

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an Tíreolaíocht?



Na Dána(Tíreolaíocht) ag go leor institiúidí mar Ollscoil na Gaillimhe, UL, UCC, MU, MIC, Eolaíocht Pholaitiúil agus Tíreolaíocht ag TCD, Comhchéim Onóracha (Tíreolaíocht) ag UCD, Tíreolaíocht agus Oideachas Allamuigh ag ATU, agus Tíreolaíocht, Geo-eolaíocht ag TCD nó Printíseacht Crannadóireachta a dhéanamh.

Cá dtabharfaidh an Tíreolaíocht mé?



Múinteoir, Pleanáil Uirbeach, Riarachán Poiblí, Forbairt Pobail, Bainistíocht Gnó, Státseirbhís, Taighde agus Forbairt, Turasóireacht.



An sean-rud seo?

STAIR

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an Stair??



Tá an-tóir ar an stair anois toisc go bhfaigheann mic léinn ní hamháin peirspictíocht stairiúil, ach freisin go leor scileanna praiticiúla a bheadh luachmhar i réimsí agus i ngairmeacha eile. Smaoinigh air, is í an stair a mhúnlaigh na daoine atá ionainn inniu. Mar shampla, úsáidimid feidhmchláir ar na meáin shóisialta ar ár bhfóin phóca gach lá, ach cad a tháinig roimhe sin? Cad as ar tháinig aipeanna? Agus roimhe sin fóin chliste? Agus roimhe sin, an fón féin? B'fhéidir go bhfuil an stair san am atá thart ach chun ár dtodhchaí a threorú, teastaíonn stair uainn. Taispeánann sé dúinn cé chomh fada a thagaimid agus a leanaimid de bheith ag forbairt, gach lá a mhairimid agus a fheicimid na hathruithe. Mar sin, is féidir le céim sa stair doirse iomadúla a oscailt mar a fhaigheann go leor mac léinn iad féin i réimsí mar Oideachas, Oiliúint agus Forbairt don Tionscal, Craolachán, Teilifís, chomh maith le Ranna Beartais agus Caidrimh Phoiblí.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an Stair?



Stair Ársa agus Seandálaíocht, Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, na Dána (Stair) ag go leor institiúidí mar UL, MIC, Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Béarla agus Stair ag Coláiste Cheatharlach, Léann Cultúir agus Oidhreachta ag roinnt ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Stair agus Polaitíocht ag UCD agus Oideachas Múinteoirí Iarbhunscoile - Oideachas Reiligiúnach agus Stair ag DCU.

Cá dtabharfaidh an Stair liom?




Fógraíocht, Acmhainní Daonna, Teagasc, Seandálaíocht, Obair Phobail, Gníomhaireachtaí Forbartha Turasóireachta & Oidhreachta, Foilsitheoireacht/Meáin Chumarsáide.



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority





An mbaineann sé le do ghnósa ar chor ar bith?

GNÓ

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an nGnó??

Tá gnó agus ábhair eile mar airgeadas, margaíocht, cuntasaíocht agus eacnamaíocht i measc na réimsí staidéir leis an tóir is mó ag ollscoileanna ar fud an domhain. Baineann gnó le beagnach gach gné den tsochaí dhaonna nua-aimseartha agus osclaíonn sé go leor deiseanna éagsúla le haghaidh tuilleadh staidéir agus gairmeacha ar phá ard do mhic léinn.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Ghnó? \$

Gnó agus Dlí ag UCD, Gnó agus Bainistíocht in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Córais Faisnéise Gnó ag UCC, Staidéar Gnó ag Ollscoil Luimnigh, BESS (Staidéar Gnó, Eacnamaíocht & Staidéar Sóisialta) ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Margaíocht, Turasóireacht agus Spórt ag ATU nó Printíseacht do Theicneoir Cuntasaíochta a dhéanamh. Staidéar a dhéanamh ar Ghnó agus ar Shíceolaíocht trí chéim threasach in IADT, ag tosú i gcoláistí BOT i mBaile Átha Cliath.

Cá dtabharfaidh Gnó mé??


Margaíocht, Cuntasóir, Fiontraí, Dlíodóir, Ceannaitheoir Miondíola, Freagracht Shóisialta Chorporáideach, Múinteoir, Acmhainní Daonna.



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority





Tabhair faoin mata

MATAMAITIC

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an mata?

Tá an Mata bunúsach do go leor bealaí gairme agus tacaíonn sé leis na dul chun cinn teicneolaíochta atáimid ag baint amach sa tsochaí faoi láthair. Ní bhaineann an mata le huimhreacha amháin ná le cothromóidí a réiteach; baineann sé le foghlaim conas smaoineamh go loighciúil, fadhbanna a réiteach, patrúin a aithint agus cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise. Tá na scileanna seo fíorluachmhar i mbeagnach aon chonair gairme a roghnaíonn tú a leanúint. Is uirlis í an mhatamaitic chun an domhan a thuiscint agus a fheabhsú.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an mata?

Matamaitic Achtúireach in DCU; Ealaíona (Matamaitic agus Oideachas) in Ollscoil na Gaillimhe; Mata Airgeadais in Ollscoil Luimnigh; Matamaitic agus Staitisticí in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OTBÁC); Corpoideachas agus Matamaitic in DCU; agus Matamaitic i gColáiste na Tríonóide agus i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, mar ábhar aonair nó i dteannta le hábhar ealaíon eile.

Cá dtabharfaidh an mhatamaitic mé?

Cuntasóir, Achtúire, Comhairliúchán, Seirbhísí Airgeadais, Fiontraíocht, Teagasc, Baincéireacht, Síceolaíocht, Díolacháin.

Is maith an t-anlann an t-ocras.

EACNAMAÍOCHT BHAILE

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile?

Forbraíonn na heispéiris foghlama san eacnamaíocht bhaile solúbthacht agus inoiriúnaitheacht na mac léinn, ullmhaíonn siad iad don tsochaí nua-aimseartha agus soláthraíonn siad bonn foghlama do raon leathan gairmeacha, mar a liostaítear thíos. Déileálann an t-ábhar féin leis an gcaidreamh idir daoine aonair, teaghlaigh, pobail, agus an timpeallacht ina gcónaíonn siad; meascán de staidéir phraiticiúla agus theoriciúla.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile?

Oideachas, Eacnamaíocht Bhaile agus (Bitheolaíocht/Gaeilge/Oideachas Reiligiúnach) le hOideachas Múinteoirí comhthráthach ag Coláiste San Aingeal, Sligeach, Eolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha ag Ollscoil na Gaillimhe, Staidéar Sóisialta (Obair Shóisialta) ag UCC agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Cócaireacht Ghairmiúil ag roinnt Ionad Breisoideachais nó printíseacht a dhéanamh sna hEalaíona Cócaireachta.

Cá dtabhairfaidh an Eacnamaíocht Bhaile mé?

Tionscal an Bhia, Teagasc, Teicstílí, Eolaíocht, Dearadh, Staidéar Sóisialta, Turasóireacht, Ealaíona Cócaireachta.



Fan socair agus labhair Gaeilge

GAEILGE

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an Gaeilge?



Is cuid lárnach de chóras oideachais na hÉireann í an Ghaeilge mar ábhar atá ina cuid ríthábhachtach dár n-oidhreacht. Is ábhar é a gcuirtear in aithne dúinn ag tús ár n-aistear oideachasúil, agus ábhar amháin a bhfásaimid leis agus ár n-eolas agus ár bhfoghlaim iomlána á bhforbairt agus á leathnú. Is iomaí gairm bheatha a leanann as staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus is minic ár n-eolas agus ár bhfoghlaim iomlána á bhforbairt agus á leathnú. sna meáin Ghaeilge. Tá aistritheoirí fostaithe freisin i dtionscail agus i gcuideachtaí anseo in Éirinn agus thar lear san AE agus níos faide i gcéin, gan trácht ar an éileamh atá ar theagasc agus ar léachtóireacht ag baint úsáide as an nGaeilge.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge?



Na Dána (Gaeilge) ag Ollscoil na Gaillimhe, an Luath-Ghaeilge agus an Nua-Ghaeilge ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Dlí agus an Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Oideachas, Gaeilge agus an Léann Reiligiúnach (Campas Dhurlais) ag MIC, Gnó agus Gaeilge ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhchéim Onóracha - Béaloideas na hÉireann ag UCD.

Cá dtabharfaidh an Ghaeilge mé?



Iriseoireacht & Meáin Chumarsáide, Aistritheoir, Comhairliúchán, Teagasc, Polaitíocht, Turasóireacht, Dlí.





Má chuirim fada air, b'fhéidir go mbeadh liom.

TEANGACHA

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar Theangacha?

Is éard atá i gceist leis an saol ná teagmhálaithe a dhéanamh agus níl aon amhras ach go leathnaíonn staidéar teangacha do dhearcadh ar go leor bealaí éagsúla. An raibh a fhios agat go dteastaíonn teanga ó roinnt ollscoileanna chun iarratas a dhéanamh ar a gcúrsaí tríd an CAO? Cén fáthnach ndéanfá staidéar ar cheann a bhfuil spéis agat inti sa chás go mbeadh gá agat léi níos déanaí? Ní bhaineann foghlaim teanga le gramadach agus le comhchuingeach amháin. Ligeann sé duit léargas a fháil ar chultúr iomlán nua.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Theangacha?

Is éard atá i gceist leis an saol ná teagmhálaithe a dhéanamh agus níl aon amhras ach go leathnaíonn staidéar teangacha do dhearcadh ar go leor bealaí éagsúla. An raibh a fhios agat go dteastaíonn teanga ó roinnt ollscoileanna chun iarratas a dhéanamh ar a gcúrsaí tríd an CAO? Cén fáthnach ndéanfá staidéar ar cheann a bhfuil spéis agat inti sa chás go mbeadh gá agat léi níos déanaí? Ní bhaineann foghlaim teanga le gramadach agus le comhchuingeach amháin. Ligeann sé duit léargas a fháil ar chultúr iomlán nua.

Cá dtabharfaidh Teangacha mé?

Gnó agus Tionscal, Iriseoir, na Meáin Chumarsáide, Teagasc, Cumarsáid, Caidreamh Poiblí (Náisiúnta agus Idirnáisiúnta), Turasóireacht, Aistriúchán.



Cé? Cad? Cá háit? Cathain?
Cén fáth?

BÉARLA

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar an mBéarla?


Chun staidéar a dhéanamh ar an mBéarla is gá paisean don fhoghlaim, smaointe a roinnt, agus tú féin a chur in iúl tríd an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht. Agus tú ag leanúint leis na suimeanna sin, gheobhaidh tú scileanna luachmhara cosúil le smaointeoireacht chriticiúil, ag réiteach fadhbanna agus cumarsáid éifeachtach. Is ábhar an-phraiticiúil é an Béarla, contrártha leis an smaoineamh a d'fhéadfadh a bheith ag daoine agus d'fhéadfadh neart deiseanna gairme a bheith mar thoradh air i suíomhanna éagsúla.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an mBéarla?

Na Dána (Béarla) ag go leor institiúidí ar nós Ollscoil na Gaillimhe, UL, UCC, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Comhchéim Onóracha (Litríocht an Bhéarla) ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Litríocht an Bhéarla ag UCD, Léann na Scannánaíochta/Béarla ag TCD, Béarla le Scríbhneoireacht Chruthaitheach ag UCD agus Béarla agus Síceolaíocht ag ATU.

Cá dtabharfaidh an Béarla mé?

Iriseoir & Meáin Chumarsáide, Eagarthóireacht agus Léirmheastóireacht, Taighde, Teagasc, Caidreamh Poiblí, Acmhainní Daonna (AD), Margaíocht, Díolachán, Scríbhneoir, File.



An bhfuil tú i ndáiríre ag caint liom faoi struchtúir?

INNEALTÓIREACHT

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar Innealtóireacht?



Is réimse leathan í an innealtóireacht a chuireann deiseanna spreagúla gairme ar fáil ina mbeidh tú in ann a bheith cruthaitheach, fadhbanna a réiteach agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí gach lá. Déanann innealtóirí rudaí indéanta trí úsáid a bhaint as prionsabail mhatamaiticiúla agus eolaíocha mar aon le scileanna anailíse agus deartha. Athraíonn na cineálacha staidéir Innealtóireachta le roinnt acu lena n-áirítear sibhialta, struchtúrach, comhshaoil, meicniúil, leictreonach, bithleighis, i measc cinn eile.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Innealtóireacht?



Bainistíocht Foirgníochta agus Innealtóireacht ag OL, Innealtóireacht (Clár Comhiontrála) ag go leor institiúidí mar TCD, UCC, UCD, Ollscoil Mhá Nuad, Gaillimh, Ollscoil Luimnigh, Innealtóireacht Leictreach ag TUS, Innealtóireacht Déantúsaíochta trí Phrintíseacht agus Innealtóireacht Aeraspáis ag SETU. Is féidir leat cúrsaí Leibhéal 5 agus 6 CIA áirithe a úsáid fosta chun iarratas a chur isteach ar chúrsaí innealtóireachta i gcoláiste. Is féidir leat céim threasach i gCleachtadh agus i dTeicneolaíocht Próiseas-déantúsaíochta a dhéanamh in OTM agus in BOT Chorcaí freisin.

Cá dtabharfaidh Innealtóireacht mé?



Tionscal Gnó, Tionscal Aerárthaí, Dréachtú agus Dearadh, Tógáil, Fuinneamh Inbhuanaithe agus Inathnuaite, Teagasc.

Ar mhaith leat scéal grinn a
chloisteáil faoi Photaisiam?
K!

Ceimic

Cén fáth ar chóir dom staidéar a dhéanamh ar an gCeimic?

Cabhraíonn an cheimic leat dá bhfuil an domhan seo déanta agus an dóigh a n-athraíonn substaintí a thuiscint. Forbraíonn sí scileanna réiteach fadhbanna, saotharlainne praiticiúla, agus anailíseacha atá úsáideach i gcuid mhór slite beatha. Tá an cheimic barrthábhachtach i réimsí amhail leigheas, cosaint an chomhshaoil, táirgeadh bia, teicneolaíocht, agus in ábhair nua, mar sin de, is rogha láidir agus ilúsáideach an t-ábhar.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an gCeimic?

Is féidir leat céimeanna coláiste a dhéanamh san Eolaíocht Ceimice agus Cógaisíochta i TCD, UCD, agus UCC, san Innealtóireacht Cheimiceach nó Próiseas in UL, ATU, agus MTU, agus cúrsaí bainteach le Leigheas a dhéanamh ar fud na tíre. Is féidir leat cúrsaí CIA/BOT Leibhéal 5 nó 6 i réimsí amhail Teicnící Saotharlainne nó Eolaíocht Fheidhmeach i gcoláistí BOT áitiúla a úsáid le fostaíocht a fháil nó le hiarratas a chur isteach ar chúrsaí eolaíochta tríd an CAO, agus tá bealaí le printíseachtaí nó le cúrsaí oiliúna a dhéanamh ar fáil i suíomhanna saotharlainne, cógaisíochta agus déantúsaíochta. Is féidir leat céim threasach i gCleachtadh agus i dTeicneolaíocht Próiseas-déantúsaíochta a dhéanamh in MTU agus in BOT Chorcaí fosta.

Conas a chabhróidh an Cheimic liom?

An Tionscal Cógaisíochta agus Leighis, an Tionscal Ceimiceach agus Ábhar, Eolaíochtaí Biteicneolaíochta agus Saoil, Fuinneamh Comhshaoil agus Inbhuanaithe, an Tionscal Bianna agus Deochanna, Eolaíocht Fhóiréinseach, Obair Saotharlainne agus Taighde, Cúram Sláinte agus Diagnóisic, Déantúsaíocht agus Rialú Cáilíochta, Teagasc agus Oideachas.



Ag Cabhrú le
Daoine agus leis an
bPlainéad!

Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Cén fáth ar chóir dom staidéar a dhéanamh ar GA agus ar FI?

Cabhraíonn Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe leat tuiscint a bheith agat ar cheisteanna tábhachtacha amhail athrú aeráide, cosaint an dúlra agus an dóigh a n-úsáidimid acmhainní an Domhain. Foghlaimíonn tú faoin dóigh a mbíonn éifeacht ag do roghanna agus ag do ghníomhaíochtaí ar an bplainéad agus ar na daoine a bhfuil cónaí orthu ann. Forbraíonn an t-ábhar scileanna cosúil le comhoibriú, taighde, réiteach fadhbanna agus cumarsáid. Tá sé do do spreagadh gníomhaíochtaí agus athruithe dearfacha a dhéanamh i do scoil, i do phobal agus i do ghnáthshaol fosta. Tá an t-ábhar seo úsáideach do shlíthe beatha sa todhchaí agus cabhraíonn sé leat ullmhú le bheith i do shaoránach domhanda eolach agus freagrach.


Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar GA agus ar FI?

Is féidir leat céimeanna coláiste a dhéanamh i réimsí amhail Eolaíocht an Chomhshaoil, Inbhuanaitheacht, Tíreolaíocht, Léann Aeráide, Innealtóireacht an Chomhshaoil, Eolaíocht Shóisialta, Oideachas agus Ceapadh Polasaí in ollscoileanna, ina measc, TCD, UCD, UCC, DCU, UL, ATU, agus MTU. Is féidir le fostaíocht dhíreach nó dul chun cinn go hollscoil tríd an CAO tarlú má chríochnófar cúrsaí CIA/BOT Leibhéal 5 agus 6 i nGairneoireacht, in Éiceolaíocht Fheidhmeach agus i gCrannadóireacht i gcoláistí áitiúla BOT. Bíonn naisc ann ag cuid mhór printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna le seirbhísí fuinnimh, tógála, comhshaoil agus le teicneolaíochtaí glasa. Is féidir leat céim Threasach Náisiúnta i dTeicneolaíochtaí Innealtóireachta Inbhuanaithe a dhéanamh.

Conas a chabhróidh GA agus FI liom?

Rólanna Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta, Polasaithe agus Abhcóideacht Aeráide a Dhéanamh, Fuinneamh Inathnuaite agus Inbhuanaithe, Eolaíocht agus Taighde Comhshaoil, Forbairt Pobail agus Shóisialta, Pleanáil Uirbeach agus Réigiúnach, Oideachas agus Teagasc, Comhairleoireacht Comhshaoil, Inbhuanaitheacht Chorpáraideach agus RCS, Talmhaíocht agus Córais Bia, ENRÍ agus Forbairt Idirnáisiúnta.

Céard é an pasfhocal Wifi?



Ríomheolaíocht

Cén fáth ar chóir dom staidéar a dhéanamh ar ríomheolaíocht (RE)?



Má dhéanfaidh tú staidéar ar Ríomheolaíocht tabharfar deis duit foghlaim faoin dóigh a n-oibríonn an teicneolaíocht agus le do theicneolaíocht féin a chruthú. Comh maith le ríomhchlárúchán, algartaim, agus an dóigh a bpróiseálann ríomhairí faisnéis a thuiscint, is féidir leat scileanna praiticiúla i réimsí amhail códúchán, forbairt gréasán, agus obair le sonraí a fhorbairt. D'fhéadfá staidéar a dhéanamh ar shainréimsí amhail cibearshlándáil, ar intleacht shaorga agus ar fhorbairt cluichí freisin. Cabhróidh sí leat scileanna úsáideacha amhail réiteach fadhbanna, smaointeoireacht loighiciúil, cruthaitheacht agus le bheith cúramach a fhorbairt. Forbróidh sí comhoibriú, cumarsáid, agus an cumas le fadhbanna coimpléascacha a bhriseadh síos go céimeanna soláimhsithe fosta. Más maith leat fadhbanna nó puzail a réiteach, nó atá fiosrach faoin dóigh a n-oibríonn rudaí, nó má tá tú cruthaitheach agus más maith leat rudaí a dhéanamh, d'fhéadfadh RE bheith foirfe duit!

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar ríomheolaíocht (RE)?



Tá RE ar fáil go forleathan in ollscoileanna agus i gcoláistí breisoideachais ar fud na tíre. Mar shampla, cuireann Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil na Gaillimhe réimse éagsúil cúrsaí Ríomheolaíochta ar fáil. Tá cúrsaí ríomhaireachta ar fáil in institiúidí amhail Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Is féidir leat staidéar a dhéanamh ar Fhorbairt Bogearraí, ar Eolaíocht Sonraí, nó ar Fhorbairt Cluichí i gcoláistí teicneolaíochta breisoideachais ar fud na tíre fosta. Is é TTE (Tabhairt Chun Tosaigh go Teicneolaíocht an Eolais) comhordaitheoir náisiúnta na dTeicphrintíseachtaí in Éirinn é ina bhfuil an Comhlach um Fhorbairt Bogearraí, an Comhlach um Líonrú Ríomhaireachta, agus cláranna na bPrintíseachtaí Cibearshlándála.

Conas a chabhróidh Ríomheolaíocht liom?



Cls féidir le RE bheith do do thabhairt faoi shlite beatha nua amhail Forbróir Bogearraí, Forbróir Gréasán, Anailíseoir Sonraí, Speisialtóir Cibearshlándála, Forbróir Cluichí, Innealtóir Córas, Dearthóir EÚ, Speisialtóir Tacaíochta TE, nó Forbróir Aipeanna. Is féidir léi bheith do do thabhairt faoi réimsí fosta amhail gnó, airgeadas, cúram sláinte, oideachas, siamsaíocht, nó faoi do chomhlacht teicneolaíochta féin a thosú nó faoi obair a dhéanamh go neamhspleách, fiú.

2B nó gan 2B is é sin an
peann luaidhe!

Drámaíocht, Aisteoireacht agus Amharclannaíocht Theicniúil

Cén fáth a ndéanaim staidéar ar Dhrámaíocht, Aisteoireacht agus Amharclannaíocht theicniúil?


Cuireann domhan na drámaíochta agus na hamharclannaíochta deiseanna ar fáil i réimse earnálacha. Is féidir leat staidéar a dhéanamh ar ábhair phraiticiúla theagmhálacha nó is féidir cur chuige níos acadúla a roghnú. Ligeann na hábhair seo duit an staid dhaonna a iniúchadh trí mhacnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun scéalta a chur i láthair agus cén bhrí a bhaineann leo dúinn, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar do chuid scileanna agus cruthaitheachta féin.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Dhrámaíocht, ar Aisteoireacht agus ar Amharclannaíocht Theicniúil?

Léann na Drámaíochta & na hAmharclannaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Bainistíocht Stáitse & Amharclannaíocht Theicniúil nó Aisteoireacht, in Acadamh Lir araon (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath); Drámaíocht in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; Téatar agus Léann an Taibhléirithe in Ollscoil na Gaillimhe; Amharclannaíocht agus Cleachtais Thaibhitheacha i gColáiste na hOllscoile Corcaigh; Léann na hAmharclannaíochta agus na Drámaíochta in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan; na Taibh-Ealaíona (Dearadh Amharclainne) in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach; Cleachtas Amharclannaíochta agus Scannánaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan; agus go leor cúrsaí in Ionaid Bhreisoideachais.

Cá dtabharfaidh Drámaíocht, ar Aisteoireacht agus ar Amharclannaíocht Theicniúil mé??

Aisteoir, Stiúrthóir, Teicneoir Amharclannaíochta, Drámadóir, Bainisteoir Stáitse, Bainisteoir Léiriúcháin, Bainisteoir Ionaid, Teicneoir Fuaime, Teicneoir Soilsithe, Rannóg Feisteas, Rannóg Fearais, Rannóg Radharcra, Rannóg Tógála, Dearadh Seit, Scannánaíocht, Teilifís, Amharclannaíocht, Cluichíocht, Imeachtaí, Féilte, Cumarsáid, Margaíocht, Amharclannóir, Stiúrthóir Ealaíne, Cláraitheoir, Teagasc, Roghnú Aisteoirí, Léiritheoir, Léirmheastóir.



Ar do mharc,
bí réidh,
CAO!

Corpoideachas

Cén fáth ar chóir dom staidéar a dhéanamh ar Chorpoideachas?




Is bealach iontach é foghlaim a chur le gníomhaíocht má dhéanann tú staidéar ar chúrsa Ardtéistiméireachta sa Chorroideachas. Cabhraíonn sé leat an dóigh a bhfeidhmíonn do chorp agus d'intinn a thuiscint, cuireann sé feabhas ar do shláinte fhisiceach agus mheabhrach, forbraíonn sé scileanna saoil tábhachtacha amhail comhoibriú, muinín agus féinbhainistíocht. Tá corpoideachas oiriúnach fosta do mhic léinn a dtaitníonn foghlaim phraiticiúil agus staidéar acadúil leo, mar sin de, is ábhar taitneamhach é a bhíonn do d'ullmhú do shaol sláintiúil agus do réimse leathan deiseanna sa todhchaí.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar Chorroideachas?



Tá cúrsaí in Eolaíocht Spóirt agus Aclaíochta in UL, UCD, DCU agus ATU; i dTeagasc an Chorroideachais in DCU agus UCC; sa Léann Spóirt, i gCóitseáil agus i mBainistíocht Spóirt in OTBÁC, MTU, IT Dhún Dealgan; agus i gcéimeanna bainteach le Sláinte, Aclaíocht agus Feidhmíocht in TCD agus SETU. Tá bealaí printíseachta agus chúrsaí oilúna ar fáil freisin i réimsí amhail Teagasc Corpacmhainne, Traenáil Phearsanta agus Teagasc Gníomhaíochtaí Lasmuigh trí SOLAS / BOTanna. Is féidir cúrsaí CIA/BOT Leibhéal 5 agus 6 (Teagasc Corpacmhainne, Teiripe Spóirt nó Eolaíocht Spóirt Réamhollscoile) a úsáid le dul chun cinn go cúrsaí bainteach le spóirt, le corpoideachas agus le sláinte in ollscoileanna.

Conas a chabhróidh Chorroideachas liom?



Oideachas agus Teagasc, Eolaíocht Spóirt agus Aclaíochta, Sláinte agus Folláine, An Tionscal Aclaíochta agus Fóillíochta, Cóitseáil agus Forbairt do Lúthchleasaithe, Fisiteiripe agus Athshlánú, Oideachas Lasmuigh agus Eachtraíochta, Bainistíocht agus Riarachán Spóirt, Síceolaíocht agus Feidhmíocht, Forbairt Pobail agus Óige, Sláinte Phoiblí agus Cothú na Sláinte.



Ná bíodh muinín agat
in adaimh....
Tá gach rud déanta
díobh!

Fisic

Cén fáth ar chóir dom staidéar a dhéanamh ar an bhFisic?

Cuidíonn fisic leat an dóigh a bhfeidhmíonn an chruinne a thuiscint, ón gcáithnín is lú go dtí na réaltraí is mó. Forbraíonn sí scileanna réiteach fadhbanna, matamaiticiúla, agus anailíseacha, teicnící saotharlainne agus turgnamhacha praiticiúla freisin. Cuireann fisic an taca faoin teicneolaíocht agus nuálaíocht nua-aimseartha agus tá sí riachtanach i réimsí amhail innealtóireacht, leigheas, fuinneamh, cumarsáid agus in eolaíocht spáis. Mar sin de is rogha ábhair chumhachtach agus éagsúil í.

Cá háit ar féidir liom staidéar a dhéanamh ar an bhFisic?

Tá céimeanna coláiste amhail Fisic, Fisic Theoiriciúil, Réaltfhisic, Innealtóireacht, agus Eolaíocht Fheidhmeach ar fáil ag institiúidí, ina measc, TCD, UCD, UCC, DCU, UL, ATU, MTU agus tá Fisic ann mar phríomhábhar do leigheas, don ríomheolaíocht, don eolaíocht sonraí agus do chuid mhór cláranna innealtóireachta. Cuireann cúrsaí CIA/BOT Leibhéal 5 agus 6 in Eolaíocht Fheidhmeach, i dTeicneolaíocht Innealtóireachta, nó i dTeicnící Saotharlainne i gcoláistí BOT bealaí forásacha ar fáil i dtreo na fostaíochta nó an staidéir ar leibhéal níos airde tríd an CAO, taobh le printíseachtaí nó le cúrsaí oiliúna sna hearnálacha innealtóireachta, leictreacha, teicniúla, agus déantúsaíochta.

Conas a chabhróidh an Fhisic liom?

Innealtóireacht agus Teicneolaíocht, Fuinneamh In-athnuaite agus Inbhuanaithe, Fisic Leighis agus Teicneolaíocht Chúram Sláinte, Ríomhaireacht, Eolaíocht Sonraí, Intleacht Shaorga, Eolaíocht Aeraspáis agus Spáis, Leictreonaic agus Cumarsáid, Obair Taighde agus Saotharlainne, Déantúsaíocht agus Teagasc agus Oideachas Rialú Cáilíochta.